C/2024/1747

26.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

Cás M.11475 — MITSUI / OSAKA GAS / RWE KK / JV

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1747)

1. An 16 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui & Co., Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin),

— Osaka Gas Co., Ltd ('Osaka Gas', an tSeapáin), atá faoi rialú Daigas Group (an tSeapáin),

— RWE Offshore Wind Japan Murakami-Tainai K.K. ('RWE KK', an tSeapáin), atá faoi rialú RWE Group (an Ghearmáin).

Gheobhaidh Mitsui, Osaka Gas, agus RWE KK rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nua ('JV') de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadal é Mitsui atá gníomhach i roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha (lena n-áirítear táirgí iarainn agus cruach, acmhainní mianraí agus miotail, bonneagar, soghluaisteacht, ceimiceáin, fuinneamh, acmhainní bia, seirbhísí tomhaltóirí, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid agus forbairt chorparáideach).

— Is cuideachta fuinnimh é Osaka Gas atá tiomanta do na nithe seo a leanas: (i) ola agus gás nádúrtha, fuinneamh agus gás nádúrtha leachtaithe a tháirgeadh, a dháileadh, a iompar agus a sholáthar chomh maith le (ii) réitigh lena n-áirítear forbairt agus léasú réadmhaoine, seirbhísí próiseála faisnéise, díolachán ábhar maith agus táirgí ábhar carbóin.

— Is cuideachta feithiclí sainchuspóireacha é RWE KK a bhunaigh RWE Group, grúpa cuideachtaí atá gníomhach den chuid is mó i nginiúint agus trádáil fuinnimh, chun páirt a ghlacadh i gceantanna amach anseo sa tSeapáin.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV: forbairt, tógáil agus oibriú feirme gaoithe amach ón gcósta sa tSeapáin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11475 — MITSUI / OSAKA GAS / RWE KK / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË